An sgitheach tú, a mhacaoimh mná?

[Tomás Ó Rathile: *Dánta Grádha* no. 70]

1 An sgitheach tú, a mhacaoimh mná?
nó an lór libh an líon teastá
tred chéibh ródghloin bhfíthe bhfinn
d’ógbhaidh gach críche i gcoitchinn?

2 Dá mbadh tarbha a n-agra ort,
lot fear ná buaidhreadh bantracht,
mór do dhíth oirir Eórpa
red throighthibh síth [sáir]leónta.

3 Ní fhuil d’áille it aghaidh sheing,
ní fhuil d’fhoistine it intinn,
a ghruaidh úr ghealghairthe ghlan,
acht súr meadhraighthe meanman.

4 Tríbh do rad, a rún miochair,
troid do na trí haitheachaibh,
bas tlachtbhán fa corcra i gcath,
daltán ochta na nUlltach.

5 Nó is tríbh tugadh [trom an choill]
bearradh geóin ar Choin gCulainn
ris an gcuraidh, re Coin Raoi,
isan Mhumhain ghloin ghéagnaoi.

6 Mac Dáire i ndíol a mhasla
ciorrbhas an Cú éachtach-sa;
lot an churadh a crígh Bhreagh
a chumhal is díbh dlighthear.

7 Nó is tríbh tángadar tiogh laoch,
gasradh Ghréag na ngreagh neambaoth,
do thimhneadh teaghlaigh na Traoi,
a fhinngheal gheanmnaidh ghlórnaoi.